An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán: 0032/2021**

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

# SOCRUITHE MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT NA CIGIREACHTA LE BUNSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA SPEISIALTA SCOILBHLIAIN 2021/2022

**ACHOIMRE**

De réir an chiorcláin seo:

- Aithnítear na hiarrachtaí suntasacha a rinne múinteoirí, ceannairí scoile agus boird bhainistíochta lena chinntiú go bhféadfaí an teagasc agus an fhoghlaim a chothú go sábháilte i rith na scoilbhliana 2020/21
- Soiléirítear na socruithe maidir le féinmheastóireacht scoile (FMS) don scoilbhliain 2021/22
- Soláthraítear faisnéis faoi obair chomhairleach, mheastóireachta agus thaighde phleanáilte na Cigireachta i scoileanna don scoilbhliain 2021/22
- Soláthraítear faisnéis faoi obair na Cigireachta ar thaighde, tacú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta frithbhulaíochta i scoileanna i rith na scoilbhliana 2021/22
- Tagann sé in áit Ciorclán 0040/2020.

## Réamhrá

Tuigeann an Chigireacht na dúshláin an-suntasacha a bhí le sárú ag príomhoidí scoile, múinteoirí agus foireann scoile eile, boird bhainistíochta, daltaí, tuismitheoirí agus pobail scoile i rith na scoilbhliana 2020/21 mar gheall ar COVID-19. Chuir rannpháirtíocht na Cigireachta le gníomhaíochtaí comhairleacha, taighde agus meastóireachta i scoileanna le linn na scoilbhliana seo caite béim ar na hiarrachtaí den scoth a rinne go leor ceannairí scoile, foirne, boird, tuismitheoirí agus na seirbhísí tacaíochta chun scoileanna a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtach, agus chun tacú le daltaí sa bhaile, cé go raibh scoileanna dúnta go hiomlán nó go páirteach.

De réir mar a leanann staid na sláinte poiblí ag feabhsú, tá an Chigireacht ag dúil le leanúint dá tacaíocht d'obair scoileanna sa scoilbhliain 2021/22, agus leanúint le cur i bhfeidhm céimnithe a clár cigireachta ina gcuimseofar raon iomlán gníomhaíochta cigireachta de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh.

## 1. Féinmheastóireacht Scoile (FMS)

### 1.1 Féinmheastóireacht scoile (FMS) don scoilbhliain 2021/2022

Faoi Chiorclán 0040/2020, leathnaíodh an dara seal de FMS go dtí Mí an Mheithimh 2021 agus bhí an tríú seal le tosú i Meán Fómhair 2021. I bhfianaise na ndúshlán breise atá roimh scoileanna i gcomhthéacs paindéime agus chun go bhféadfar comhairliúchán a dhéanamh ar an tríú seal de FMS, tá an Roinn Oideachais ag síneadh an dara seal de FMS go dtí Mí an Mheithimh 2022. Dá bharr sin, tosóidh an tríú seal de FMS, a bhí le tosú i Meán Fómhair 2021, anois i Meán Fómhair 2022.

Sa scoilbhliain 2021/22, leanfaidh scoileanna lena gcuid pleananna agus tosaíochtaí reatha le haghaidh FMS agus beidh an tsolúbthacht acu chun:

- An próiseas FMS a úsáid chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na paindéime. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo, mar shampla, aghaidh a thabhairt ar riachtanais daltaí a raibh tionchar ar leith ag a gcuid foghlama le linn na paindéime, tacú le folláine leanaí agus daoine óga, agus tacú le hidirghabháil réimsí / ábhair churaclaim áirithe

  *AGUS/NÓ*

- Aon obair atá fágtha ar na gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim a roghnaigh siad roimhe seo mar fhócas don fhéinmheastóireacht a chur i gcrích

  *AGUS/NÓ*

- Dul i ngleic le réimsí eile atá aitheanta acu mar thosaíocht de réir a gcomhthéacs scoile agus riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga ina scoil

De réir mar a úsáideann scoileanna an próiseas FMS chun na príomhghníomhartha atá ábhartha dá gcomhthéacs féin a shainaithint, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach dóibh spriocanna / gníomhartha breise nó leasaithe a áireamh ina dtuarascáil féinmheastóireachta scoile agus ina bplean feabhsúcháin scoile atá ann cheana. Cé nár cheart go mbeadh an doiciméadacht mar fhócas FMS i rith 2021/22, ba cheart príomhchinntí a thaifeadadh ar bhealach a bhfuil fiúntas leo do phobal na scoile.

### 1.2 FMS agus Folláine

Agus cinntí á ndéanamh ar fhócas FMS an bhliain seo chugainn, tarraingítear aird na scoileanna ar an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018–2025.

D'fhoilsigh an Roinn an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais in 2018 agus rinneadh é a nuashonrú in 2019. Leagtar amach ann an uaillmhian agus an fhís go mbeidh cur chun cinn na folláine i gcroílár éiteas gach scoile agus ionad oideachais in Éirinn. Áiríodh sa pholasaí go n-úsáidfidh gach scoil agus ionad oideachais an próiseas FMS chun seal athbhreithnithe agus forbartha ar chur chun cinn folláine a thionscnamh faoi 2023.

I bhfianaise thionchar Covid-19 ar ghníomhaíochtaí scoile, tá an dáta seo athraithe, mar a mholtar i gCiorclán 0018/2021, go 2025 anois. Is féidir teacht ar an bpolasaí ag: https://s3-eu-west-1.amazonaws.com/govieassets/24725/3b0eb4201d7c41519900891de517b6db.pdf

Tá acmhainní folláine chun tacú leis an bpróiseas seo ar fáil ag an nasc thuas. Áirítear leis na hacmhainní seo:

- Táscairí Ratha agus Ráitis um Chleachtas Éifeachtach
- Ceistneoirí tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí
- Treoirlínte le haghaidh fócasghrúpaí

Tá Eolaire de Sheirbhísí Folláine, Tacaíochtaí agus Acmhainní do Scoileanna ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/acmhainni-follaine-snso-i-rith-covid-19/

Tar éis tionscadal taighde gníomhaíochta ina raibh tríocha scoil páirteach, tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ag forbairt Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) faoi láthair chun tacú le scoileanna agus iad ag gabháil do phróiseas cur chun cinn folláine. Tá an feidhmiú céimneach náisiúnta seo de FGL le tosú i bhFómhar 2021, ag brath ar chomhairle sláinte poiblí, agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh trí bliana.

### 1.3 FMS and DEIS

Is ionann plean gníomhaíochta DEIS ag scoil agus a plean feabhsúcháin scoile chun críocha FMS; níl aon phlean breise nó plean ar leithligh ag teastáil.

Ba chóir do scoileanna DEIS leanúint dá bpleanáil gníomhaíochta DEIS ar fud phríomhthéamaí DEIS agus úsáid a bhaint as an bpróiseas sé chéim FMS. Ar bhonn na fianaise a bailíodh, ba cheart do scoileanna a gcuid acmhainní, idirghabhálacha sonracha agus tacaíochtaí a dhíriú ar na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Ba cheart athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phlean reatha DEIS chun faisnéis cothrom le dáta a chinntiú. Beidh scoileanna ag pointí éagsúla den seal trí bliana i bpleanáil DEIS agus féadfaidh siad a bplean a leathnú go ceann bliana eile, beag beann ar an mbliain ina bhfuil siad. I bhfianaise an athbhreithnithe bhliantúil, ba cheart

an plean reatha a leasú, agus spriocanna agus idirghabhálacha a choigeartú de réir mar is gá. Ní cheanglaítear ar scoileanna ag deireadh na sraithe trí bliana ina bpleanáil tús a chur le plean nua trí bliana.

### 1.4 Cleachtais FMS a fhorbairt i scoileanna

Sa tréimhse Eanáir-Márta 2022, cuirfidh an Chigireacht tús le hobair le príomhoidí scoile agus / nó leas-phríomhoidí i líon samplach de scoileanna, lena n-áirítear scoileanna DEIS agus scoileanna lán-Ghaeilge, chun cabhrú leo a bpróisis FMS a fhorbairt, lena n-áirítear an cumas atá acu faisnéis ó fhéinmheastóireacht scoile a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid. Mar is amhlaidh i ngach obair fhorbartha den chineál sin, is féidir le scoileanna roghnú nó diúltú a bheith páirteach sa tionscadal, agus ní fhoilseofar aon tuarascálacha ar an obair fhorbartha i scoileanna aonair. Má tá suim ag do scoil páirt a ghlacadh san obair fhorbartha seo, seol ríomhphost chuig esru@education.gov.ie.

### 1.5 Comhairliúchán ar an gcéad timthriall eile de FMS

Mar ullmhúchán don chéad seal eile de FMS, 2022/2025, rachaidh an Roinn agus a Cigireacht i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear príomhoidí, ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí. Tabharfaidh sé seo deis an-luachmhar machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag éirí go maith leis, cad é an chéad fhócas eile a d'fhéadfadh a bheith ag FMS, agus na bearta breise ba cheart a dhéanamh chun tacú le húsáid agus forbairt bhreise FMS i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Mar chuid den chomhairliúchán, déanfaidh an Chigireacht suirbhéanna agus / nó grúpaí fócais le raon geallsealbhóirí oideachais sa téarma Meán Fómhair-Nollaig 2021. Cuirfidh torthaí na suirbhéanna / na ngrúpaí fócais bonn eolais faoin gcomhairliúchán níos leithne le páirtithe leasmhara oideachais maidir le treo FMS sa todhchaí.

### 1.6 Cuairteanna comhairliúcháin FMS

Leanfaidh an Chigireacht ag tabhairt cuairteanna comhairleacha FMS le linn na scoilbhliana 2021/22. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar sheisiún comhairleach trí ríomhphost a sheoladh chuig SSE@education.gov.ie.

## 2. Obair chomhairleach, mheastóireachta agus thaighde phleanáilte na Cigireachta i scoileanna don scoilbhliain 2021/22

### 2.1 Meastóireacht

I rith na scoilbhliana 2021/22, leanfaidh an Chigireacht le cur i bhfeidhm céimnithe a clár cigireachta ina gcuimseofar raon iomlán gníomhaíochta cigireachta de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh. Beidh an ghníomhaíocht chigireachta seo, ina leagfar béim ar chomhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna, ar an eolas go hiomlán faoin gcomhairle sláinte poiblí atá i réim agus atá ag dul leis.

**Ar dtús, beidh príomhfhócas ár gcuid oibre ar thacaíocht agus comhairle a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoileanna maidir le teagasc agus foghlaim trí chuairteanna cigireachta teagmhasacha.** Bainfimid úsáid as na cuairteanna teagmhasacha seo freisin chun faisnéis náisiúnta a bhailiú faoi ghnéithe d’obair scoileanna mar a thuairiscítear i gcuid 2.2 thíos. Chomh maith lenár gclár cuairteanna cigireachta teagmhasacha, déanfaimid Cigireachtaí um Chosaint Leanaí agus um Chumdach Leanaí (CCCL), cuairteanna cigireachta um Thacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (TSSS), cigireachtaí leantacha práinneacha agus líon teoranta cigireachtaí ar sholáthar oideachais speisialta. Cuirfimid cigireachtaí i gcrích freisin ar cuireadh tús leo sa scoilbhliain 2020/21.

Ó Eanáir 2022, cuirfimid tús arís le raon níos leithne gníomhaíochtaí cigireachta ar bhonn céimnithe, lena n-áirítear meastóireachtaí curaclaim, cigireachtaí DEIS agus meastóireachtaí scoile uile (MSUanna).

### 2.2 Taighde agus forbairt

Le linn na scoilbhliana 2021/22, tabharfaidh an Chigireacht faoi obair thaighde trína n-éascófar athbhreithniú téamach ar sholáthar agus ar chleachtas i scoileanna, agus ar sholáthar roinnt tuarascálacha ilchodacha a mbainfear úsáid astu chun críocha tuairiscithe agus taighde náisiúnta. Baileofar an fhaisnéis do na hathbhreithnithe téamacha seo i dtosach le linn cigireactaí teagmhasacha. Féadfar na sonraí a bhailiú le linn cineálacha cigireachta eile de réir mar a chuirfear tús arís leo ar bhonn céimnithe.

Díreofar sa taighde ar théamaí atá ábhartha do na comhthéacsanna paindéimeacha agus iar-phaindéimeacha, mar shampla an dóigh a bhfuil scoileanna ag tabhairt aghaidh ar riachtanais leanaí agus daoine óga a ndeachaigh dúnadh na scoileanna i bhfeidhm orthu le linn na paindéime.

#### 2.2.1 Frith-Bhulaíocht

Mar chuid dá taighde le linn na scoilbhliana 2021/22, beidh an Chigireacht ag féachaint ar a mhéid atá scoileanna ag dul i ngleic le riachtanais *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013).*

Déanann iompar bulaíochta, de réir a nádúir, dochar ar cháilíocht an oideachais agus déanann sé é a mhaolú freisin. Taispeánann taighde gur féidir le bulaíocht tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach a bheith aici ar fholláine choirp agus mheabhrach na ndaltaí, ar rannpháirtíocht leis an scoil, ar fhéinmhuinín agus ar an gcumas uaillmhianta agus spéiseanna a leanúint. Tugann na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013) treoir d’údaráis scoile agus do phearsanra scoile maidir le hiompar bulaíochta scoilbhunaithe a chosc agus tabhairt faoi, agus chun déileáil le haon tionchar diúltach laistigh den scoil ar iompar bulaíochta a tharlaíonn in áit eile.

De réir mar a théann an scoilbhliain 2021/22 ar aghaidh, baileoidh an Chigireacht, le linn cigireachtaí teagmhasacha, roinnt faisnéise faoi chur i bhfeidhm gnéithe de

bhearta frithbhulaíochta i scoileanna. Beidh na réimsí fócais don taighde seo ar théamaí mar:

- A mhéid a bhfuil polasaithe frithbhulaíochta i bhfeidhm ag scoileanna de réir *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013)*
- Tuairisciú na bpríomhoidí gach téarma don bhord bainistíochta ar ábhair fhrithbhulaíochta mar a shonraítear in *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013)*
- Athbhreithnithe bliantúla ag boird bhainistíochta ar bheartais fhrithbhulaíochta agus a gcur i bhfeidhm
- Polasaithe frithbhulaíochta scoileanna a chur in iúl do gach ball de phobal na scoile (boird, múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí)
- Taifeadadh eachtraí d'iompar bulaíochta de réir *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, (2013)*

I ndiaidh na cigireachta teagmhasaí, déanfaidh an Chigireacht:

- Nóta gairid i scríbhinn a sholáthar don scoil ar a gcuid cinntí maidir leis na réimsí fócais thuas; is féidir le scoileanna an nóta seo a úsáid chun a mbearta frithbhulaíochta a threorú agus chun aon bhearta riachtanacha a dhéanamh chun iad seo a neartú
- Na cinntí faoi bhearta frithbhulaíochta a éiríonn as na cigireachtaí teagmhasacha a úsáid chun tuarascáil ilchodach a threorú a chuirfidh bonn eolais faoi obair na Roinne Oideachais maidir leis an straitéis agus na nósanna imeachta náisiúnta frithbhulaíochta do scoileanna a nuashonrú.

Oibreoidh an Chigireacht le scoileanna freisin ar fhorbairt chomhoibritheach ar chreat machnamhach le cur ar chumas scoileanna (múinteoirí, ceannairí, boird) machnamh a dhéanamh ar cháilíocht a mbeart frithbhulaíochta.

Tá éifeachtacht na scoileanna maidir le Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, (2013) mar chuid den raon saincheisteanna a scrúdaíodh agus a dtuairiscítear orthu i meastóireachtaí scoile uile (MSUanna). Ó Eanáir 2022, tabharfar tuarascáil in MSUanna agus i gcineálacha cigireachta eile ar a mhéid atá scoileanna ag cur na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* i bhfeidhm maidir leis na cúig réimse fócais a leagtar amach thuas.

Cuirfear seimineár gréasáin ar líne faoi na forbairtí seo ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí i Meán Fómhair 2021.

**2.2.2 Daltaí a bhfuil leibhéil an-ard riachtanas acu**

Tugtar le fios i dtaighde atá ar fáil don Roinn go raibh sé deacair ar roinnt daltaí a raibh leibhéil an-ard riachtanas acu dul i dteagmháil ar bhonn fiúntach lena gcuid scoileanna

le dhá bhliain scoile anuas. Mar sin áireofar i dtaighde na Cigireachta teagmháil le bainistíocht scoile le linn cigireachtaí teagmhasacha i líon samplach de scoileanna chun a fháil amach a bhfuil dul chun cinn déanta ag daltaí a bhfuil leibhéil an-ard riachtanas acu ó cuireadh tús ina iomláine le teagasc agus foghlaim ar an láthair i scoileanna.

**2.2.3 Cláir ama laghdaithe**

Rachaidh cigirí i dteagmháil le bainistíocht na scoile le linn cigireachtaí teagmhasacha chun a fháil amach a mhéid a chuir scoileanna, más ann dóibh, roinnt daltaí ar chláir ama laghdaithe. Beidh na réimsí fócais don taighde seo ar threoir na Roinne ar an gcleachtas seo a chur i bhfeidhm i scoileanna, lena n-áirítear téamaí mar:

- Go gcuirtear daltaí ar chláir ama laghdaithe ar bhonn eisceachtúil amháin i gcás nár éirigh leis na bearta eile go léir atá ar fáil don scoil
- Go ndaingnítear comhaontú iomlán tuismitheoirí / caomhnóirí sula gcuirtear an dalta ar amchlár laghdaithe
- Gur chóir go n-oibreodh an clár ama laghdaithe ar feadh tréimhse teoranta agus go n-aontófaí plean le tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le atosú iomlán na scoile ar scoil.

**2.2.4 Téamaí eile taighde**

Díreofar taighde na Cigireachta freisin ar théamaí atá ábhartha do Phlean Gníomhaíochta na Roinne mar Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe, úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc agus i bhfoghlaim, STEM, agus cruthaitheacht.

## 3. Tuilleadh faisnéise agus doiciméadacht úsáideach

Tá sraith ábhar treorach, arna gcomhaontú leis na comhpháirtithe oideachais, chun tacú le bunscoileanna agus scoileanna speisialta an curaclam a idirghabháil i gcomhthéacs na scoilbhliana 2021/22 á fhorbairt agus foilseofar í ag gov.ie.

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie

17 Mí an Mheithimh 2021